AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.9.2024
COM(2024) 424 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2024, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán(AE) 2021/1229

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2024, dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/1229

1. RÉAMHRÁ

I mí Eanáir 2020, thug an Coimisiún fógra faoi Shásra um Aistriú Cóir mar chuid de Phlean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[1], chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ná aon réigiún ar lár san aistriú go geilleagar aeráidneodrach. Tá trí cholún sa Sásra um Aistriú Cóir: is é an chéad cholún an Ciste um Aistriú Cóir, is é an dara colún scéim thiomnaithe um Aistriú Cóir faoin gClár InvestEU, agus is é an tríú colún an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí (an tSaoráid; an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí)[2].

Díríonn an tuarascáil bhliantúil seo ar an tríú colún agus is é is aidhm di faisnéis a sholáthar maidir leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá an tuarascáil seo carnach ó thús chur chun feidhme na Saoráide go dtí an 30 Iúil 2024. Déanfar an chuid eile den bhliain 2024 a thuairisciú sa chéad tuarascáil eile i gcomhréir le hoibleagáidí tuairiscithe na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí (féach na mionsonraí i roinn 1.2).

1.1. Creat dlíthiúil agus buiséadach na saoráide iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir

Is é is cuspóir ginearálta don tSaoráid aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thromchúiseacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a eascraíonn as an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach[3], chun tairbhe chríocha an Aontais a shainaithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir[4].

Is é is cuspóir sonrach don tSaoráid infheistíochtaí na hearnála poiblí a ghiaráil lena dtugtar aghaidh ar riachtanais forbartha na gcríoch a dtugtar tuairisc orthu sna pleananna críochacha um aistriú cóir. Déanann sé amhlaidh trí mhaoiniú na dtionscadal nach ngineann sreabha leordhóthanacha ioncaim chun a gcuid costas infheistíochta a chumhdach a éascú, agus ar an gcaoi sin an plódú as tacaíocht agus infheistíocht féideartha ó acmhainní malartacha a sheachaint. Tá tacaíocht ar fáil do réimse leathan infheistíochtaí[5].

Leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí soláthraítear buiséad uasta iomlán EUR 1,525 billiún i dtacaíocht ón Aontas le haghaidh chomhpháirt deontais na Saoráide (lena n-áirítear cúnamh teicniúil agus tacaíocht chomhairleach). I mí Feabhra 2024, thug Parlaimint na hEorpa toiliú, agus tháinig an Chomhairle ar chomhaontú d'aon toil maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar na huasteorainneacha caiteachais sa chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), tar éis an togra ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2023. Léiríonn an comhaontú ar thángthas air maidir leis

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún – *Sustainable Europe Investment Plan-European Green Deal Investment Plan* [Plean Infheistíochta don Eoraip – Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip] – COM(2020) 21 final, an 14.1.2020.

2 Rialachán (AE) 2021/1229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir (IO L 274, 30.7.2021).

3 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021).

4 Mar a shainítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021).

5 Féach Aithris (6) de Rialachán (AE) 2021/1229.

an athbhreithniú meántéarma ar CAI a thábhachtaí atá sé na hacmhainní is gá a thabhairt do bhuiséad an Aontais chun leanúint de na tosaíochtaí don Eoraip agus dár gcomhpháirtithe a bhaint amach, rud ar cuireadh béim air le príomhthograí earnála. Sa chomhthéacs sin, cinneadh ath-imlonnú foriomlán EUR 1,1 billiún ó chomhpháirteanna bainistíochta dírí agus indírí CBT agus ó chistí an Bheartais Chomhtháthaithe. Mar thoradh air sin, tá laghdú EUR 150 milliún tagtha ar bhuiséad na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí. Tar éis na n-ath-imlonnuithe sin, is é EUR 1,375 billiún an buiséad uasta atá ar fáil don tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí.

Faoin tSaoráid, déantar iasachtaí a sholáthraíonn an Banc Eorpach Infheistíochta mar chomhpháirtí airgeadais a chomhcheangal le deontais a sholáthraíonn an tAontas chun tacú le tionscadail arna gcur isteach ag eintitis san earnáil phoiblí. Soláthróidh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) EUR 6-8 mbilliún le haghaidh chomhpháirt iasachta na Saoráide.

Chomh maith le BEI, oibríonn an Coimisiún go dlúth leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) maidir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá CINEA freagrach as na gnéithe buiséadacha, dlíthiúla, airgeadais agus oibríochtúla de chur chun feidhme na ndeontas, agus tá an Coimisiún fós freagrach go hiomlán as gach gné a bhaineann le beartas.

1.2. Raon feidhme Thuarascáil Cur Chun Feidhme 2024

De réir Airteagal 16(3) den Rialachán maidir leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí, '*faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain féilire, ag tosú le 2022, eiseoidh an Coimisiún tuairisc faoi chur chun feidhme na Saoráide. Sa tuairisc sin, cuirfear faisnéis ar fáil maidir le leibhéal chur chun feidhme na Saoráide i ndáil lena cuspóirí, lena coinníollacha agus lena táscairí feidhmíochta.'*

Eisíodh na tuarascálacha roimhe sin an 7 Feabhra 2023 agus an 21 Samhain 2023.

Soláthraítear faisnéis sa tuarascáil seo maidir le (i) torthaí an chéad ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí le haghaidh na sé sprioc-am aighneachta, lena n-áirítear tograí tionscadail féideartha, (ii) cúnamh teicniúil, (iii) cumarsáid, (iv) dul chun cinn atá déanta, lena n-áirítear dúshláin agus láidreachtaí na Saoráide, agus (v) na chéad chéimeanna eile.

2. CUR CHUN FEIDHME NA SAORÁIDE

2.1. Torthaí an chéad ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí tar éis sé sprioc-am aighneachta

Tá trí sprioc-am aighneachta maidir le glao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí imithe in éag ó foilsíodh an tuarascáil ar chur chun feidhme na Saoráide Iasachta Poiblí a tháinig roimhe seo. Cuireadh 29 dtogra isteach le haghaidh na dtrí sprioc-am sin, agus roghnaíodh 13 díobh le haghaidh cistiú ón gcoiste meastóireachta. Tá formheas na n-iasachtaí maidir le cuid acu ar feitheamh[6] (féach Tábla 1). De réir na faisnéise a soláthraíodh, meastar gur fiú EUR 123 mhilliún i ndeontais ón gCoimisiún na hiarratais a cuireadh isteach agus meastar gur fiú EUR 732 mhilliún in iasachtaí ó BEI iad[7]. Roghnaigh an Coimisiún dhá thogra de chuid na Fraince le haghaidh cistiú agus cuireadh ar liosta ionadaithe iad mar gheall ar easpa acmhainní atá fágtha i leithdháileadh bhuiséid náisiúnta na Fraince. Beidh an liosta ionadaithe i bhfeidhm go dtí deireadh an chéad ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí (deireadh mhí na Nollag 2025), nuair a

[6] Déanann na hiarratasóirí iarratas ar leithligh ar iasacht do BEI/idirghabhálaí airgeadais; dá bhrí sin, reáchtáiltear an próiseas iarratais ar iasacht i gcomhthráth leis an iarratas ar dheontas. Tá síniú an chomhaontaithe deontais faoi réir fhormheas na hiasachta. Féach tuilleadh sonraí i ndoiciméad glao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí: call-fiche_jtm-2022-2025-pslf_ga.pdf (europa.eu).


[7] Ní áirítear sa mhéid sin tograí a chuirtear ar an liosta ionadaithe.

sholáthrófar na hacmhainní airgeadais atá fágtha gan scaireanna náisiúnta réamh-leithdháilte. Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, leasaíodh glao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí an 1 Feabhra 2024 chun a shoiléiriú nach measfar iarratais ar thionscadail arna gcur isteach ag na Ballstáit a bhfuil an clúdach náisiúnta ídithe ina leith a bheith incháilithe[8]. Ina theannta sin, bhí 10 dtogra do-ghlactha toisc iad a bheith neamhiomlán, bhí togra amháin (an Fhrainc) neamh-incháilithe toisc go raibh an clúdach náisiúnta faoinar cuireadh isteach é tomhailte cheana (cuireadh an togra isteach tar éis leasú an ghlao ar thograí thuasluaite). Thairis sin, níor roghnaíodh dhá thogra (an Fhrainc, Éire) le haghaidh cistiú toisc gur theip orthu faoi na critéir dhámhachtana agus tharraing an tionscnóir tionscadail siar togra amháin a roghnaíodh le haghaidh maoinithe (an tSeicia) mar gheall ar fhoinsí maoinithe eile a bhí ar fáil.

Ar an iomlán, ó seoladh an chéad ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí an 19 Iúil 2022, cuireadh 37 dtogra isteach, ar roghnaigh an coiste meastóireachta 15 díobh le haghaidh cistiú (tá formheas na hiasachta le haghaidh cuid acu ar feitheamh) agus tá ceithre chomhaontú deontais ón tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí sínithe (féach tuilleadh sonraí i roinn 2.2). De réir na faisnéise soláthraíodh, meastar gur fiú EUR 148 milliún i ndeontais ón gCoimisiún agus EUR 863 mhilliún d'iasachtaí ó BEI iad na hiarratais a cuireadh isteach[9].

Tar éis sprioc-amanna aighneachta dúnta, baineadh úsáid iomlán as cuid de na clúdaigh náisiúnta (an Fhrainc) nó baineadh úsáid iomlán astu nach mór (an tSualainn).

Fíor 1 Scaireanna náisiúnta (forchoimeádta go dtí an 31 Nollaig 2025) agus a dtomhaltas trí dheontais arna ndámhachtain nó faoi mheasúnú[10]



8 Féach na mionsonraí i ndoiciméad glao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí: call-fiche_jtm-2022-2025-pslf_ga.pdf (europa.eu).

9 Ní áirítear sa mhéid sin tograí a chuirtear ar an liosta ionadaithe.

10 Is luachanna iad na leithdháiltí náisiúnta tar éis athbhreithniú CAI 2021-2027.

Tábla 1 Achoimre ar an meastóireacht ar thograí a fuarthas faoi ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí.

	An líon tograí a cuireadh isteach	**An líon tograí incháilithe agus inghlactha**	**An líon tograí a mholann an Coimisiún le haghaidh cistiú**	**An líon tograí a fuair iasacht le BEI nó lena idirghabhálaithe**	**Barúlacha**
an 19 Deireadh Fómhair 2022 an sprioc-am chun iarratas a dhéanamh	3	1 (CZ)	1 (CZ)	0	Tharraing an t-iarratasóir an t-iarratas CZ siar agus cuireadh isteach arís é an 20 Meán Fómhair 2023 (an 4ú sprioc-am aighneachta)
an 19 Eanáir 2023 an sprioc-am aighneachta	1	0	0	0	-
an 19 Aibreán 2023 an sprioc-am aighneachta	4	3 (EL, NL, SE)	2 (EL, SE)	2 (EL, SE)	Síníodh comhaontuithe deontais le haghaidh thograí EL agus SE. Tá cur chun feidhme na dtionscadal ar siúl faoi láthair. Theip ar thogra NL faoin dá chritéar dámhachtana ach cuireadh isteach arís é an 20 Meán Fómhair 2023 (an 4ú sprioc-am aighneachta).
an 20 Meán Fómhair 2023 an sprioc-am aighneachta	15	5 (CZ, FR, NL)	5 (CZ, FR, NL)	1 (FR)	Roghnaigh an Coimisiún na tograí CZ, an dá thogra FR agus an togra NL le haghaidh cistiú. Tá meastóireacht á déanamh ag BEI faoi láthair. Síníodh comhaontú deontais le haghaidh togra FR amháin agus tá cur chun feidhme an tionscadail fós ar siúl.
an 19 Eanáir 2024 an sprioc-am chun iarratas a dhéanamh	6	6 (CZ, FR, PL)	5 (CZ, FR, PL)	1 (CZ, PL)	Roghnaigh an Coimisiún dhá thogra CZ le haghaidh cistiú. Tharraing an tionscnóir tionscadail togra CZ amháin siar mar gheall ar fhoinsí maoinithe eile a bhí ar fáil. Maidir leis an tionscadal eile, tá an próiseas sínithe iasachta fós ar siúl le hidirghabhálaí airgeadais BEI. Roghnaíodh togra PL amháin le haghaidh cistiú ón

					gCoimisiún agus síníodh an iasacht le BEI. Tá CINEA ag ullmhú an chomhaontaithe deontais. Roghnaigh an Coimisiún dhá thogra FR le haghaidh cistiú agus cuireadh ar liosta ionadaithe iad mar gheall ar easpa acmhainní atá fágtha i leithdháileadh bhuiséid náisiúnta FR. Theip ar thogra FR amháin faoin dá chritéar dámhachtana.
an 17 Aibreán 2024 an sprioc-am aighneachta	8	7 (CZ,IE)	6 (CZ)	1 (CZ)	Roghnaigh an Coimisiún cúig thogra CZ le haghaidh cistiú agus tá an próiseas sínithe iasachta fós ar siúl le hidirghabhálaí airgeadais BEI. Roghnaíodh togra CZ amháin le haghaidh cistiú ón gCoimisiún agus síníodh an iasacht le BEI. Tá CINEA ag ullmhú an chomhaontaithe deontais. Theip ar thogra IE faoi chritéar dámhachtana amháin.

Cumhdaítear leis na tograí tionscadail a roghnaigh coiste meastóireachta na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí le haghaidh cistiú go dtí seo earnálacha amhail éifeachtúlacht fuinnimh, cultúr, tithíocht shóisialta, bonneagar sláinte poiblí agus bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe, téamh agus fuarú ceantair, agus athnuachan agus athghiniúint uirbeach. Maidir leis an gcineál tacaíochta a iarradh, is creatiasachtaí iad trí cinn de na tograí tionscadail, is tionscadail neamhspleácha iad cúig cinn díobh agus is iasachtú idirmheánach a iarradh dhá cheann díobh.

Tábla 2 Tograí tionscadail a roghnaíodh le haghaidh cistiú deontais

	Sprioc-am chun iarratas a dhéanamh	**Réigiún/Críoch**	**Teideal an togra tionscadail**	**Earnáil**	**An méid deontais a iarradh (EUR)**	**An méid iasachta a iarradh (EUR)**
FR	An 20 Meán Fómhair 2023	Réigiún Provence-Alpes-Côte d'Azur, Marseille	*Síneadh ar an líne trambhealaigh i nDeisceart agus i dTuaisceart Marseille céim 1*	soghluaisteacht inbhuanaithe	15 000 000	100 000 000

FR	An 20 Meán Fómhair 2023	Hauts de France (Nord Pas de Calais), Lille	*Íosliosta trealaimh sa tsoghluaisteacht GHLAS*	soghluaisteacht inbhuanaithe	31 500 000	210 000 000
NL	An 20 Meán Fómhair 2023	Zuid-Limburg, Mijnwater	*Uas-scálú Mijnwater céim 1 den Mháistirphlean*	téamh agus fuarú ceantair inbhuanaithe	13 500 000	90 000 000
CZ	An 19 Eanáir 2024	*Réigiún Ústí nad Labem, Ústí nad Labem*	*Iompar Poiblí Ústí nad Labem*	soghluaisteacht inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh	430 612	1 722 449
PL	An 19 Eanáir 2024	An tSiléis, Dabrowa Gornicza	*Forbairt Inbhuanaithe Dabrowa Gornicza*	éifeachtúlacht fuinnimh, soghluaisteacht inbhuanaithe	2 784 793	11 139 173
CZ	An 17 Aibreán 2024	Réigiún Ústí nad Labem, Decin	*Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh Decin*	éifeachtúlacht fuinnimh, bainistiú inbhuanaithe uisce	391 843	1 567 370
CZ	An 17 Aibreán 2024	Réigiún Ústí nad Labem, Decin	*Athchóiriú ar an gcuid stairiúil de Podmokly - céim D*	athghiniúint uirbeach, soghluaisteacht inbhuanaithe, turasóireacht inbhuanaithe	581 624	2 326 498
CZ	An 17 Aibreán 2024	Réigiún Ústí nad Labem, Litvínov	*Halla snámha nua a thógáil i limistéar fóillíochta Koldům i Litvínov*	bonneagar sóisialta	1 975 894	7 903 576
CZ	An 17 Aibreán 2024	*Réigiún Ústí nad Labem, Ústí nad Labem*	*Nuachóiriú ar chodanna áirithe de bhonneagar iarnróid i Réigiún Ústí nad Labem*	soghluaisteacht inbhuanaithe	2 348 773	9 395 092
CZ	An 17 Aibreán 2024	Réigiún Ústí nad Labem, Postoloprty	*Cearnóg na Síochána, Postoloprty*	turasóireacht inbhuanaithe, athghiniúint uirbeach	535 714	2 142 857

CZ	An 17 Aibreán 2024	An Mhoráiv-an tSiléis, Ostrava	*Suanlios mac léinn - Ollscoil Ostrava - cáilíocht agus leathnú acmhainne tithíochta mac léinn a mhéadú*	oideachas, bonneagar sóisialta	3 007 428	12 029 713

2.2. Na chéad tionscadail arna maoiniú ag an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí

Tábla 3 Cur i láthair tionscadal le comhaontuithe deontais na saoráide iasachta den earnáil phoiblí sínithe

Aistriú Socheacnamaíoch na Macadóine Thiar[11]				
Réigiún an aistrithe chóir	**Sprioc-am aighneachta**	**Tuairisc ar an tionscadal**	**Buiséad**	**Fad tionscadail**
An Mhacadóin Thiar (EL)	An 19 Aibreán 2023	Is creatiasacht é an tionscadal a chomhordaíonn réigiún na Macadóine Thiar. Tugtar le chéile ann 15 thionscadal i sé bhardas (Argos Orestikou, Kozani, Kastoria, Florina, Eordaia agus Kastoria), a bhaineann leis an méid seo a leanas: ▪ 8 - éifeachtúlacht fuinnimh ▪ 1 - bonneagar bóithre ▪ 2 – cúram sláinte ▪ 1 – cultúr ▪ 1 – turasóireacht **Coigiltis Astaíochtaí a mheastar a bheidh ann:** 8 650 tona méadrach CO_2 in aghaidh na bliana **Feidhmíocht Fuinnimh a mheastar a bheidh ann:** Rátáil Deimhnithe Feidhmíochta Fuinnimh A; Coigiltis fuinnimh 60-97 % **Poist a mheastar a chruthófar:** 200 post.	**Costais iomlána:** EUR 81 mhilliún (100 %) **Iasacht BEI:** EUR 59 mhilliún (72 %) **Deontas na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí:** EUR 15 mhilliún (18 %) **Maoiniú dílis:** 8 milliún (10 %)	**Síniú an chomhaontaithe deontais: An 23 Deireadh Fómhair 2023** **Dáta tosaigh: An 1 Deireadh Fómhair 2023** **Fad: 36 mhí**
Bonneagar Soghluaisteachta Inbhuanaithe le haghaidh Seirbhísí Íseal-Astaíochtaí agus Cáilíochtúla[12]				
Réigiún an aistrithe chóir	**Sprioc-am chun iarratas a dhéanamh**	**Tuairisc ar an tionscadal**	**Buiséad**	**Fad tionscadail**

[11] Preaseisiúint maidir le hAistriú Socheacnamaíoch na Macadóine Thiar: Is é an t-aistriú i dtreo todhchaí níos glaise don Mhacadóin Thiar an chéad tionscadal a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid Iasachta an Aontais Eorpaigh don Earnáil Phoiblí – an Coimisiún Eorpach (europa.eu).

[12] Preaseisiúint maidir le Bonneagar Soghluaisteachta Inbhuanaithe le haghaidh Seirbhísí Íseal-Astaíochtaí agus Cáilíochtúla: Cuirtear borradh faoin tsoghluaisteacht ghlas in Nantes a bhuí le tacaíocht ón Aontas – an Coimisiún Eorpach (europa.eu).

Réigiún Pays de la Loire (FR)	An 20 Meán Fómhair 2023	Is éard atá sa tionscadal bonneagar iompair inbhuanaithe in Nantes trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: ▪ uasghrádú agus athchóiriú a dhéanamh ar thrí thramlíne ▪ an flít tramanna a athnuachan (46 fheithicil nua) ▪ lárionad teicniúil agus oibríochtúil agus mol athsheachadta/malairte ilmhódach a thógáil ▪ 38 km de chosáin rothaíochta a fhorbairt Cuirfidh torthaí an tionscadail feabhas ar fheidhmíocht agus cáilíocht an líonra tramanna, forbrófar idirmhódúlacht, déanfar an tairiscint iompair phoiblí a éagsúlú agus laghdófar brú tráchta. **Coigiltis Astaíochtaí a mheastar a bheidh ann:** 21 000 tona méadrach CO_2 in aghaidh na bliana **Poist a mheastar a chruthófar:** 106 phost **An líon daoine a mheastar a shroichfear leis an tionscadal:** 672 420.	**Costais iomlána:** EUR 388 mhilliún (100 %) **Iasacht BEI:** EUR 200 mhilliún (52 %) **Deontas na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí:** EUR 30 milliún (8 %) **Maoiniú dílis:** EUR 158 mhilliún (40 %)	**Síniú an chomhaontaithe deontais: An 2 Aibreán 2024** **Dáta tosaigh: An 1 Bealtaine 2024** **Fad: 60 mhí**
Tithíocht Inbhuanaithe agus Inacmhainne don Tionscal agus don tSochaí Ghlas Nua[13]				
Réigiún an aistrithe chóir	**Sprioc-am aighneachta**	**Tuairisc ar an tionscadal**	**Buiséad**	**Fad tionscadail**
Västerbotten (SE)	An 19 Aibreán 2023	Tabharfaidh an tionscadal aghaidh ar an méadú ata ag teacht ar an ngá le tithíocht atá ag bardas Skelleftea trí thacú le seacht gcoimpléasc tithíochta a thógáil ina bhfuil thart ar 750 aonad tithíochta fuinneamhéifeachtúla inacmhainne . Díreoidh an clár tithíochta go príomha ar oibrithe atá ag teacht isteach sa ghigea-mhonarcha ceallra nua Northvolt chomh maith le mic léinn, dídeanaithe agus daoine ar ioncam íseal nó a bhfuil riachtanais speisialta acu. **Feidhmíocht Fuinnimh a mheastar a bheidh ann:** 20 % níos airde ná na caighdeáin tógála sa tSualainn **Poist a mheastar a chruthófar:** 1000 post **An líon daoine a mheastar a shroichfear leis an tionscadal:** 44 000.	**Costais iomlána:** EUR 142 mhilliún. **Iasacht BEI:** EUR 71 mhilliún (50 %) **Deontas na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí:** EUR 11 mhilliún (8 %) **Maoiniú dílis:** EUR 60 mhilliún (42 %)	**Síniú an chomhaontaithe deontais: An 5 Aibreán 2024** **Dáta tosaigh: An 1 Eanáir 2023** **Fad: 60 mhí**
Ceoláras Ostrava[14]				

[13] Tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne chun tacú le fás glas sa tSualainn - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[14] Faigheann tógáil Cheoláras Ostrava EUR 105 mhilliún de thacaíocht ón Aontas – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

Réigiún an aistrithe chóir	Sprioc-am aighneachta	Tuairisc ar an tionscadal	Buiséad	Fad tionscadail
Réigiún na Moráive-na Siléise (CZ)	An 20 Meán Fómhair 2023	Is é ábhar an tionscadail tógáil Cheoláras Ostrava ag a bhfuil fuaimíocht den scoth agus toilleadh suas le 1300 suíochán. Tacóidh an tionscadal seo le bonneagar cultúrtha a fhorbairt agus cuirfidh sé le hathbheochan Ostrava, a bhí ina cathair mhianadóireachta tráth, a choinníonn táirgeadh traidisiúnta cruach ar bun fós. Le bunú ionaid chultúrtha nua, neartófar tarraingteacht na cathrach dá háitritheoirí agus do chuairteoirí araon agus éascófar claochlú socheacnamaíoch an réigiúin. **Feidhmíocht Fuinnimh a mheastar a bheidh ann:** Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh B **Foinsí fuinnimh in-athnuaite atá le cur i bhfeidhm sa tionscadal:** thart ar 392 phainéal gréine; 125 thobar gheoiteirmeacha **An líon daoine a mheastar a shroichfidh an tionscadal:** 151 200.	**Costais iomlána:**EUR 116 mhilliún **Iasacht BEI:** EUR 84 mhilliún (73 %) **Deontas na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí:** EUR 21 mhilliún (18 %) **Maoiniú dílis:** EUR 10,5 mhilliún (9 %)	**Síniú an chomhaontaithe deontais: An 16 Iúil 2024** **Dáta tosaigh: An 19 Iúil 2024** **Fad: 52 mhí**

2.3. Tograí tionscadail féideartha

Ar bhonn malartuithe le BEI agus le páirtithe leasmhara eile na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí, tá tograí tionscadail atá lonnaithe i 6 Bhallstát á n-ullmhú agus d'fhéadfaí iad a chur isteach le haghaidh an chéad ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí roimh sprioc-amanna aighneachta. Baineann na tograí tionscadail féideartha seo le hearnálacha fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlachta fuinnimh, bonneagair sláinte poiblí, agus earnálacha eile atá comhsheasmhach leis na pleananna críochacha um aistriú cóir formheasta. Measann an Coimisiún go mbeadh méid níos mó ná EUR 100 milliún i ndeontais i gceist leo.

Ina theannta sin, is féidir an t-éileamh ar thacaíocht faoin tSaoráid a thabhairt faoi deara sna Ballstáit a d'úsáid a leithdháiltí náisiúnta cheana. Is féidir na tograí ó na Ballstáit sin a chur isteach tar éis sheoladh an dara glao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí (i.e. tar éis an 31 Nollaig 2025).

3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ CUMARSÁIDE

Leanann an Coimisiún, le tacaíocht ó CINEA agus ó BEI, de bheith ag múscailt feasachta faoin tSaoráid. Is é an toradh a bhí ar na gníomhaíochtaí comhpháirteacha a rinne an Coimisiún, BEI agus CINEA idir an 1 Meán Fómhair 2023 agus an 30 Iúil 2024:

- 20 cruinniú le húdaráis phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.
- trí chruinniú le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh.

- ceithre chruinniú le páirtithe leasmhara inmheánacha (Bearta Struchtúracha na Meithle agus na Réigiúin is Forimeallaí) agus seachtracha (CEC, Bankwatch).

- cur i láthair na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí le linn seacht n-imeacht a bhaineann le topaicí (cur i láthair, seisiúin Ceisteanna & Freagraí, seastáin thiomnaithe). I measc nithe eile, Seachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha (10 Deireadh Fómhair 2023), Uachtaránacht na Seicia ar imeacht ghrúpa Visegrad 'Ó Réigiúin Ghuail go Todhchaí an Aistrithe Chóir' in Ústí nad Labem (11 Deireadh Fómhair 2023), Tionólaí Fhóram Infheistíochta na Méaraí (25 Deireadh Fómhair 2023), Ecomondo (7-10 Samhain 2023), cúinne caife na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí ag Comhdháil an Ardáin um Aistriú Cóir (16-17 Aibreán 2024), Seachtain Ghlas an Aontais (29-30 Bealtaine 2024) agus an tSeachtain Eorpach um Fhuinneamh Inmharthana (11-13 Meitheamh 2024).


- cruinniú tosaigh do thionscadal na Gréige sa Mhacadóin Thiar, an Ghréig (5-7 Márta 2024), searmanas sínithe deontais do thionscadal na Sualainne sa Bhruiséil (10 Aibreán 2024), agus searmanas ceannródaíoch do Cheoláras Ostrava, an tSeicia (19 Iúil 2024).

- 82 phost, preaseisiúintí agus ailt eile arna bhfoilsiú i nuachtlitreacha agus ar shuíomhanna gréasáin éagsúla a bhaineann le topaic agus ar na meáin shóisialta.

- foilsiú na bhfíseán bolscaireachta[15] agus teagaisc[16] don tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí.

- foilsiú 76 cheist choitianta ar thairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' an Aontais.

Fíor 2 Imeachtaí in aghaidh an Bhallstáit




Chuathas i dteagmháil leis na Ballstáit uile agus tugadh an deis dóibh tairbhe a bhaint as seisiún faisnéise maidir leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí[17]. San iomlán, ó cuireadh tús le cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí, eagraíodh 110 gcruinniú, a raibh 66 chruinniú díobh leis na Ballstáit agus 36 chruinniú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus

15 An tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir (youtube.com)
16 https://youtu.be/_bgPXkIKU04
17 Níor léirigh ionadaithe ón gCipir, ón bhFionlainn ná ó Lucsamburg spéis i gcruinniú tiomnaithe a eagrú.

seachtracha; cuireadh an tSaoráid i láthair ag 28 n-imeacht a bhaineann le topaic, foilsíodh 161 phost agus alt ar na meáin shóisialta, lena n-áirítear preaseisiúintí, i nuachtlitreacha agus ar shuíomhanna gréasáin éagsúla a bhaineann le topaic agus ar na meáin shóisialta. Ina theannta sin, scaoileadh dhá bhróisiúr agus ceithre fhíseán.

Ina theannta sin, foilsíonn CINEA deais phoiblí ar líne ina dtugtar le chéile na cláir uile a bhainistíonn sé, lena n-áirítear an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí[18]. Sa deais tá faisnéis atá cothrom le dáta faoi na tionscadail a dtacaítear leo i ngach clár, crostagairtí eatarthu agus asbhaint sonraí le haghaidh athúsáid fhéideartha.


Fíor 3 deais phoiblí ar líne CINEA ina bhfuil forléargas ar thionscadail na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí



Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil an tSaoráid ar fáil do chomhlachtaí dlí phríobháidigh a bhfuil misean seirbhíse poiblí de chúram orthu, rinne an Coimisiún teagmháil le heagraíochtaí earnála éagsúla, i measc eagraíochtaí eile a dhéanann ionadaíocht ar eintitis ó réimsí an chultúir, an téimh agus an fhuaraithe ceantair, na n-oibreoirí córais dáileacháin, na sláinte, an oideachais, an iarnróid, an bhonneagair shóisialta, agus na n-earnálacha bainistithe dramhaíola. San iomlán, eagraíodh naoi gcruinniú le heagraíochtaí amhail E.DSO, Lifelong Learning Platform, Euroheat&Power, Municipal Waste Europe, CER agus EIM agus baill de Housing Europe.

Fíor 4 Cineál na n-eintiteas a sroicheadh

18 Punann Tionscadail CINEA - Fáilte | Bileog - Qlik Sense (europa.eu)


AN LÍON GNÍOMHAÍOCHTAÍ DE RÉIR CHINEÁL NA nEINTITEAS A SROICHEADH
Réigiúnach/áitiúil
AE
Náisiúnta
Comhlachais earnála/phríobháideacha

4. AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA AGUS AN BEALACH CHUN CINN

4.1. Dúshláin

Tar éis 2 bhliain ó foilsíodh an chéad ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí, chonacthas glacadh íseal ós rud é gur seoladh é i gcomhthráth le clársceidealú cistí eile (i.e. an Ciste um Aistriú Cóir, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa[19], an Ciste Comhtháthaithe[20] nó an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[21]) lena gcuirtear cistiú ar fáil do thionscadail chomhchosúla a bhfuil coinníollacha níos tarraingtí ag baint leo (cion níos airde de chistiú deontais i mbuiséad foriomlán na dtionscadal). Ina theannta sin, aithníodh go bhféadfadh cur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí a bheith an-éagsúil i measc na mBallstát bunaithe ar pharaiméadair amhail an líon foinsí malartacha cistithe atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta, infhaighteacht tionscadal aibí, leibhéal éagsúil na straitéisí um aistriú cóir agus an cur chuige éagsúil maidir le hionstraimí bunaithe ar fhiachas.

Is ann fós d'fhormhór na srianta atá roimh an tSaoráid a dtugtar tuairisc orthu sa dara tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme[22]. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na mBallstát ag a bhfuil na clúdaigh náisiúnta is airde (an Ghearmáin, an Pholainn, an Rómáin), ar beag iarratas a rinneadh ar thionscadail iontu nó nach ndearnadh aon iarratas iontu. Sainaithníodh tosca sonracha is cúis le glacadh mall sna Ballstáit sin:

- leanann leithdháiltí náisiúnta na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí Rialachán CUAC. Mar thoradh air sin, is ionann na Ballstáit a bhfuil na leithdháiltí is airde acu don dá ionstraim. Dá bhrí sin, tá siad dírithe ar thosaíocht a thabhairt do na cistí caiteachais atá ar fáil faoi CUAC i bhfianaise an ama theoranta atá ann chun a chistí a ionsú[23]. Ina theannta sin, cuireann CUAC cion níos airde de chistiú deontais ar fáil i mbuiséid fhoriomlána na dtionscadal (an Ghearmáin, an Pholainn, an Rómáin).

- Is iondúil gurb iad roinnt Ballstát na tairbhithe is mó de chistí eile, dá bhrí sin tá a n-inniúlacht chun acmhainní breise a chur chun feidhme teoranta (an Pholainn, an Rómáin).

- tá cistiú níos tarraingtí agus níos inrochtana ó acmhainní náisiúnta (i gcás na Gearmáine).

- mar gheall ar leibhéal fiachais na dtairbhithe beaga, tá sé dúshlánach úsáid a bhaint as ionstraimí bunaithe ar fhiachas (i gcás na Polainne) nó cuirtear cosc ar thairbhithe incháilithe iasachtaí a fháil le rialacháin náisiúnta iasachtaíochta poiblí.

Déanfar anailís agus measúnú níos mionsonraithe ar na dúshláin a tháinig chun cinn le linn chur chun feidhme na Saoráide tríd an meastóireacht mheántéarma ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí atá le déanamh faoi mhí an Mheithimh 2025 (féach roinn 4.4).

---

19 Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) (europa.eu)

20 An Ciste Comhtháthaithe (CC) (europa.eu)

21 An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (europa.eu)

22 Féach tuilleadh i roinn 4.1 den dara tuarascáil ar chur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí.

23 Is éard atá i mbuiséad CUAC acmhainní a thagann ó CAI agus ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh nó 'Next Generation EU' (NGEU). Laistigh de na cláir CUAC a glacadh, tá acmhainní NGEU comhchruinnithe sna gealltanais bhuiséadacha do 2022 agus 2023, agus tá acmhainní CAI scaipthe idir 2021 agus 2027. Mar thoradh air sin, tá 70 % de bhuiséad CUAC comhchruinnithe sa chéad dá thráinse bhliantúla. Saorfaidh an Coimisiún na méideanna nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoinithe nó nár cuireadh iarratas ar íocaíocht faoina bhráid ina leith faoin 31 Nollaig den tríú bliain féilire tar éis bhliain na ngealltanas buiséadach, an riail 'N+3' mar a thugtar uirthi; breis faisnéise maidir le CUAC: Inforegio - Ciste um Aistriú Cóir (europa.eu).

Mar a mhínítear i roinn 1.1, cuireadh an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí san áireamh san athbhreithniú ar CAI 2021-2027, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar an mbuiséad a bhí ar fáil faoin tSaoráid. Déantar na scaireanna náisiúnta faoin tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí a ríomh go comhréireach lena buiséad foriomlán atá ar fáil le haghaidh deontas agus, dá bhrí sin, rinneadh iad a athbhreithniú anuas freisin. Chuir an t-athbhreithniú dlús le tomhaltas roinnt de na scaireanna náisiúnta inar méadaíodh an t-éileamh ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí (an Fhrainc, an tSualainn). Ar an meán, iarradh deontas EUR 9 milliún maidir le tionscadail a roghnaíodh do thacaíocht na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí. Trí eachtarshuíomh a dhéanamh, dá laghdófaí EUR 150 milliún ó bhuiséad na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí laghdófaí an líon tionscadal a mbeadh an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí in ann tacú leo de 16 nó 17 dtionscadal.

4.2. Láidreachtaí

D'ainneoin na ndúshlán sin, tá spéis mhór sa tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí tagtha chun cinn. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na Fraince, ar rannchuidigh an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí lena riachtanais chistithe nár thacaigh cláir chistithe eile de chuid an Aontais leo a chumhdach. Ina theannta sin, tá líon ard tograí curtha isteach agus táthar fós ag coinne le tograí ó Phoblacht na Seice. Féadfar na cúiseanna féideartha le glacadh ard i bPoblacht na Seice a mhíniú leis an bhféidearthacht infheistíochtaí níos lú a mhaoiniú trí mhaoiniú idirghafa dá bhforáiltear leis an gcomhaontú a síníodh idir BEI agus Banc Forbartha Náisiúnta na Seice, infhaighteacht cúnaimh theicniúil chun an tSaoráid a chur chun cinn, chomh maith le hullmhacht fhoriomlán na tíre cistiú an tSásra um Aistriú Cóir a ionsú. Chuir iarratasóirí ón nGréig, ón Ísiltír, ó Éirinn, ón bPolainn agus ón tSualainn tionscadail bhreise isteach agus táthar ag coinne le tuilleadh tionscadal fós roimh dheireadh an ghlao atá ann faoi láthair ar thograí in 2025.

Maidir leis an dara glao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí, a sheolfar in 2026, meastar go leanfaidh an glacadh de bheith ag méadú de réir mar a bheidh foinsí eile maoinithe lena dtairgfear dálaí níos fearr cláraithe nó ídithe agus de réir mar a bheidh méadú ag teacht ar an eolas faoin ionstraim. Go háirithe, tá srianta sonracha ama ar chláir an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó NextGenerationEU. Ina theannta sin, ní chuirfidh scaireanna náisiúnta srian a thuilleadh ar an dara glao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí, dá bhrí sin (i) féadfaidh na Ballstáit a bhfuil a scaireanna náisiúnta ídithe acu nó a bhfuiltear ag coinne leo go mbeidh a scaireanna náisiúnta ídithe acu faoi dheireadh 2025 leanúint d'úsáid a bhaint as, agus beidh níos mó ama ann le haghaidh pleanála i gcomparáid leis an uair a seoladh an ionstraim, (ii) beidh dreasacht bhreise anois ag na Ballstáit a bhfuil na scaireanna náisiúnta is ísle acu é a úsáid toisc nach mbeidh an deontas a iarradh teoranta a thuilleadh don mhéid a shocraítear faoi na scaireanna náisiúnta. Cuirfidh sé sin ar chumas na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí freastal níos fearr ar na réigiúin a bhfuil an t-éileamh is mó orthu agus a bhfuil tionscadail aibí acu.

Ina theannta sin, tar éis 2 bhliain ó seoladh glao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí, deimhníodh gur dreasacht shoiléir í comhpháirt deontais na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí le haghaidh iasachtaí BEI arna n-úsáid ag eintitis san earnáil phoiblí chun tacú le hinfheistíochtaí poiblí sna réigiúin atá ag dul faoi aistriú aeráide. Cuireann an tSaoráid coinníollacha iasachtaithe tarraingteacha ar fáil i gcomparáid le hionstraimí atá ar fáil ar an margadh de ghnáth. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis sin chun na srianta eacnamaíocha a d'eascair as géarchéim eacnamaíoch COVID-19 agus as iarmhairtí eacnamaíocha leanúnacha chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine a shárú.

4.3. Gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin

Tugadh treocht dhearfach faoi deara i dtéarmaí fheasacht na dtairbhithe féideartha ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí. Léirítear é sin ar an gcéad dul síos le glacadh na Saoráide agus leis an bpíblíne tionscadal atá á forbairt aici, chomh maith leis an méadú atá ag teacht ar an líon tionscnóirí tionscadail a théann i dteagmháil leis an gCoimisiún maidir le ceisteanna sonracha faoin tSaoráid

Iasachta don Earnáil Phoiblí. Chun tacú leis an treocht sin, chuir an Coimisiún ábhar faisnéise breise ar fáil agus lean sé dá fheachtas cumarsáide chun feasacht a mhúscailt.

Ina theannta sin, tá iarrachtaí déanta go comhpháirteach ag an gCoimisiún agus ag BEI chun inrochtaineacht na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí a éascú do thairbhithe agus do thionscadail níos lú, chomh maith le hiasachtaí níos idirghafa a bheith acu le bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atá ann cheana. Ar an gcéad dul síos, laghdaíodh íosmhéid na hiasachta idirghafa i gcomhaontú idir an Coimisiún agus BEI ó EUR 3 mhilliún go EUR 1 mhilliún ó mhí Mheán Fómhair 2023[24]. Ar an dara dul síos, táthar ag coinne go gcuirfear deireadh leis an teorainn a áirítear sa chomhaontú riaracháin a bhaineann le rannpháirtíocht na mbanc náisiúnta le haghaidh spreagadh i gcur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí mar idirghabhálaithe airgeadais BEI.[25] I gcomhréir leis na hiarrachtaí sin, cuireadh na chéad tionscadail atá nasctha le hiasachtaí idirghafa isteach le haghaidh glao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí, le rannpháirtíocht Bhanc Forbartha Náisiúnta na Seice.

4.4. Oibreacha ullmhúcháin le haghaidh meastóireacht mheántéarma ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí

De bhun Airteagal 17 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí, ní mór don Choimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Saoráide agus ar a hacmhainneacht chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí a bhaint amach faoin 30 Meitheamh 2025.

Is é is cuspóir don mheastóireacht ceachtanna a foghlaimíodh a tharraingt, ceachtanna a d'fhéadfaí a úsáid chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí sa tréimhse cur chun feidhme atá fágtha. Cumhdófar sa mheastóireacht comhpháirt deontais na Saoráide ón dáta a tháinig an Rialachán maidir leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí i bhfeidhm in 2021 sna 27 mBallstát, go dtí an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil.

I bhfianaise ullmhú an Doiciméid Inmheánaigh Oibre maidir leis an meastóireacht eatramhach, déanfar na céimeanna seo a leanas mar bhonn:

i. measúnú ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí le déanamh ag an gCoimisiún go hinmheánach;

ii. staidéar chun fianaise a bhailiú, ag díriú ar shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme, cúnamh teicniúil, comhleanúnachas, sineirgí le hionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais agus le hionstraimí cistithe náisiúnta eile, breisluach AE, agus ábhair eile.

Cuireadh tús leis an gcleachtadh measúnaithe go luath in 2024 agus leanfar leis ar feadh amlíne ullmhúcháin na meastóireachta. Shínigh an Coimisiún conradh le T33 srl agus Prognos AG i mí Aibreáin 2024 chun an staidéar a dhéanamh.

5. CÚNAMH TEICNIÚIL

Tá seirbhísí Comhairleacha BEI ar fáil faoi Mhol Comhairleach InvestEU chun tionscadail incháilithe a ullmhú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme[26]. Go dtí deireadh mhí Iúil 2024, tugadh

[24] Féach an leasú ar ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí a tugadh isteach an 25 Meán Fómhair 2023.

[25] Tá leasú ar an gcomhaontú riaracháin idir an dá pháirtí á ullmhú ag an gCoimisiún agus ag BEI.

[26] Féach tuilleadh sonraí i roinn 2.1.4 den chéad tuarascáil ar chur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí agus i roinn 2.2 den dara tuarascáil ar chur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí.

cúnamh comhairleach chun tacú leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí sa Bhulgáir, sa Chipir, sa Ghréig, sa Fhrainc, sa Rómáin, sa Spáinn agus sa tSualainn[27].

Measadh raon feidhme na seirbhíse tacaíochta agus cuireadh in oiriúint í do riachtanais shonracha tionscnóirí tionscadail aonair agus bhí idir treoraíocht fhoriomlán maidir le tionscadail oiriúnacha a shainaithint, tacaíocht réamhtheachtach maidir le cláir infheistíochta a ullmhú, agus comhairle maidir le forbairt tionscadal agus tacaíocht maidir le hiarratais ar dheontais na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí i gceist léi. Ina theannta sin, bhí BEI i mbun gníomhaíochtaí éagsúla chun tionscadail a shainaithint agus chun tacú leo, ar tionscadail iad a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as maoiniú faoin tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí.

Ar bhonn an taithí tosaigh sin agus chun tacú leis an ngá atá ann éileamh ar thacaíocht ón tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí a fhorbairt amach anseo (féach roinn 4.1), tá sé beartaithe ag BEI dul chun cinn a dhéanamh le gníomhaíochtaí comhairleacha feadh cúig shruth oibre:

i. **Comhairle dhíreach** a thabhairt do thionscnóirí aonair, iasachtaithe iasachtaí infheistíochta neamhspleácha, trí réimse leathan seirbhísí comhairleacha i gcéimeanna ullmhúcháin agus cur chun feidhme, lena n-áirítear cúnamh le hiarratais ar dheontais;

ii. **Tacaíocht fothaithe acmhainneachta** d'institiúidí neamhbhaincéireachta, a ghníomhaíonn de ghnáth mar chomhbhailitheoirí tionscadal níos lú, chun acmhainneacht riaracháin agus oibríochtúil a fhorbairt chun roinnt fothionscadal a scagadh, a roghnú, a chur in ord tosaíochta, faireachán a dhéanamh orthu nó chun iad a chomhordú ar bhealach eile;

iii. **Tacaíocht chomhairleach 'indíreach'** do thairbhithe deiridh iasachtaí idirghafa nó creatiasachtaí trí phacáistí tacaíochta caighdeánaithe ar a bhfuil measúnú déanta ar a raon feidhme chun feabhas a chur ar fhóntacht na dtograí agus ar chomhlíonadh na mbeartas iasachtaithe is infheidhme;

iv. **Comhairle maidir le forbairt margaidh** ar leibhéal na mBallstát chun éileamh féideartha ar thacaíocht ón tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí a shainaithint agus chun a shuí an bhfuil na táirgí airgeadais ón tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí atá ar fáil oiriúnach;

v. **Scagadh, raon feidhme a mheas agus scaipeadh** chun úsáid na Saoráide a chur chun cinn, chun tionscadail oiriúnacha a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh agus chun treoraíocht fhoriomlán a thabhairt maidir le hiarratais ar dheontais na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí.

I gcomhlántacht leis na seirbhísí a thairg BEI trí Mhol Comhairleach InvestEU, d'imscar an Coimisiún seirbhísí comhairleachta arna iarraidh sin don Ghréig, don tSlóvaic, agus don tSeicia) agus arb é is aidhm dóibh feasacht a mhúscailt faoin tSaoráid agus liostaí de thograí tionscadail a shainaithint agus a fhorbairt. Is é an Coimisiún a chuireann an cúnamh teicniúil ar fáil don tSeicia agus tugtar tacaíocht don tSlóvaic faoin ionstraim um thacaíocht theicniúil[28]. Soláthraítear raon leathan seirbhísí faoin dá chonradh, i measc nithe eile feasacht a mhúscailt, slógadh tairbhithe féideartha i réigiúin an phlean críochaigh um aistriú cóir, chomh maith le smaointe tionscadail a scagadh.

Tá an Ghréig ag baint tairbhe as tacaíocht níos leithne faoin ionstraim um thacaíocht theicniúil chun na trí cholún uile den Sásra um Aistriú Cóir a chur chun feidhme. Ina theannta sin, d'iarr an Ghréig

[27] Seoladh cuid de na gníomhaíochtaí comhairleacha sa Chipir, sa Ghréig agus sa Fhrainc sula raibh an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí i bhfeidhm agus dá bhrí sin cistíodh iad ó fhoinsí eile, amhail an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (an Ghréig) agus Ionú Bonneagair Inbhuanaithe Mhol Comhairleach InvestEU (an Chipir agus an Fhrainc).

[28] Ionstraim um thacaíocht theicniúil (europa.eu)

tacaíocht a bhí ar fáil faoi Réamhobair maidir le hArdán um Aistriú Cóir [29] chun tionscadail a shainaithint agus chun tograí tionscadail a ullmhú ina dhiaidh sin a bheadh le cur isteach le haghaidh cistiú na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí i réigiún na Peilipinéise.

Glacann an Coimisiún agus BEI páirt i bhfaireachán ar chur chun feidhme tascanna comhairliúcháin chun comhlántacht lena ngníomhaíochtaí comhairleacha sna Ballstáit is tairbhithe a áirithiú.

6. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Leanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le CINEA agus le BEI, de bheith ag múscailt feasachta faoin tSaoráid chun a áirithiú go dtuigeann iarratasóirí féideartha a bhfuil á tairiscint léi agus go mbeidh siad in ann iarratas a dhéanamh ar thacaíocht. Go háirithe, cuirfear faisnéis níos mionsonraithe faoi thionscadail a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí ar fáil ar dheais phoiblí CINEA[30].

Faoi shainordú a Mhol Comhairleach InvestEU, leanfaidh BEI de chur chun feidhme na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí trí thionscadail fhéideartha a shainaithint agus a scagadh, trí thacaíocht chomhairleach a sholáthar do thionscnóirí tionscadail agus d'údaráis ábhartha, agus trí chruinnithe agus imeachtaí tiomnaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Is féidir leis na Ballstáit leanúint de thacaíocht a fháil freisin tríd an ionstraim um thacaíocht theicniúil chun an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí a chur chun feidhme.

Seolfar an dara glao ar thograí in 2026, i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí.

Ar deireadh, tabharfaidh an Coimisiún an mheastóireacht mheántéarma ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí chun críche agus seolfar chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa é faoin 30 Meitheamh 2025.

7. CONCLÚIDÍ

Is ionstraim í an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí lena bhféachtar lena áirithiú go ndéanfar an t-aistriú chuig geilleagar aeráid-neodrach ar bhealach atá cóir agus inbhuanaithe go sóisialta, i bhfianaise an phríomhróil atá ag an earnáil phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh.

Mar gheall ar an réimse mór earnálacha ar féidir léi tacú leo, amhail éifeachtúlacht fuinnimh, tithíocht shóisialta agus inacmhainne, agus soghluaisteacht inbhuanaithe, in éineacht leis an méid cistithe atá ar fáil, tá sé ábhartha maidir le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus maidir le cuspóir na haeráidneodrachta san Aontas faoi 2050 agus a áirithiú an tráth céanna nach bhfágfar aon duine ná aon réigiún ar lár.

Seoladh an chéad ghlao ar thograí na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí 2 bhliain ó shin agus cuireadh líon méadaitheach tograí tionscadail incháilithe isteach, agus tá níos mó tionscadal féideartha á n-ullmhú. Leis an meastóireacht eatramhach ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí, atá le cur i gcrích roimh an 30 Meitheamh 2025, baileofar sonraí lena bhféadfar teacht ar chonclúidí breise maidir le staid chur chun feidhme na Saoráide.

Faoin 30 Iúil 2024, roghnaigh coiste meastóireachta na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí tograí tionscadail ar fiú méid measta deontais de thart ar EUR 148 milliún agus méid measta iasachta de thart ar EUR 863 mhilliún a thairg BEI. Síníodh ceithre chomhaontú deontais agus tá tús curtha le cur chun feidhme na dtionscadal comhfhreagrach.

[29] Inforegio - Ciste um Aistriú Cóir (europa.eu)
[30] Qlik Sense (europa.eu)